An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Nóta Treorach:

## Treoir do Mhicrifhiontair maidir le Slándáil Sonraí

**[Iúil] [2019]**

# Ábhar

Treoir do Mhicrifhiontair maidir le Slándáil Sonraí ..... 2

Aithin Do Shonraí ..... 3

Socraigh an Leibhéal Cuí um Shlándáil TFC ..... 4

Slándáil Theicniúil ..... 4

Slándáil Fhisiciúil ..... 5

Slándáil Eagraíochtúil ..... 6

Beartais Bhailiúcháin agus Choinneála Sonraí ..... 7

Próiseálaithe Sonraí a Úsáid ..... 8

Cúig Chéim Chun Timpeallachtaí Néalbhunaithe A Dhaingniú ..... 9

Dearbhú ó Sholáthraithe Seirbhíse TFC ..... 11

Beartais Shoiléire agus Oiliúint Foirne ..... 12

Bíodh do Shonraí ar Eolas agat agus Déan iad a Dhaingniú ..... 12

## Treoir do Mhicrifhiontair maidir le Slándáil Sonraí

Cuireann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("**an GDPR**") go mór le hoibleagáidí agus le freagrachtaí eagraíochtaí agus gnólachtaí maidir le conas a bhailíonn siad, a úsáideann agus a chosnaíonn siad sonraí pearsanta.

Is é croílár an GDPR an ceanglas atá ann d'eagraíochtaí agus do ghnólachtaí a bheith trédhearcach maidir le conas a bhailíonn, a úsáideann agus a chosnaíonn siad sonraí pearsanta. Tá an ceanglas trédhearcachta seo leagtha amach faoi Airteagal 12 den GDPR agus cuimsíonn sé faisnéis shoiléir, ghonta a sholáthar d'ábhair sonraí agus cearta na n-ábhar sonraí a éascú.

Ina theannta sin, fágfaidh prionsabal na freagrachta, atá leagtha amach faoi airteagal 5 den GDPR, go mbeidh eagraíochtaí agus gnóthais atá freagrach as prionsabail an dlí nua a bhaineann le próiseáil sonraí pearsantaa chomhlíonadh.

D'fhorbair an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) an treoir seo chun cabhrú le micrifhiontair na bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla cuí a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta atá á bpróiseáil acu a chosaint.

Sainmhínítear micrifhiontair mar eagraíocht ag a bhfuil níos lú ná 10 fostaithe aici agus láimhdeachas bliantúil (an méid airgid a tógadh i dtréimhse áirithe) nó clár comhardaithe (ráiteas ar shócmhainní agus ar dhliteanais na cuideachta) faoi bhun €2 mhilliún.

Más micrifhiontair é do chuideachta atá i mbun próiseáil sonraí pearsanta, mar rialaitheoir sonraí nó mar phróiseálaí sonraí, beidh tú faoi réir fhorálacha an GDPR. Tá rialaitheoir sonraí sainmhínithe faoi Airteagal 4 den GDPR mar dhuine nádúrtha nó dlítheanach a chinneann, ina n-aonar nó i gcomhpháirt le daoine eile, na críocha agus na modhanna a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta. Sainmhíníonn an tAirteagal céanna próiseálaí sonraí mar dhuine nádúrtha nó dlítheanach a phróiseálann sonraí pearsanta ar son rialaitheoir sonraí.

Tá an GDPR infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag micrifhiontair atá bunaithe agus a oibríonn lasmuigh den Aontas Eorpach (AE). Má tá do chuideachta bunaithe san AE, tá forálacha an GDPR infheidhme maidir le do phróiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí do bhunaíochta(í) laistigh den AE.

Mura bhfuil do chuideachta bunaithe san AE, tá an GDPR infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta daoine aonair san AE maidir le tairiscint earraí nó seirbhísí (beag beann ar íocaíocht a bheith i gceist) agus le monatóireacht a

dhéanamh ar iompar duine aonair (a mhéid is go dtarlóidh an t-iompar sin laistigh den AE).

Moltar do mhicrifhiontair an treoir níos mionsonraithe ón DPC maidir le slándáil sonraí a léamh. Is féidir í a fháil ar láithreán gréasáin an DPC: 'Treoir do Rialaitheoirí ar Shlándáil Sonraí'.

## Aithin Do Shonraí

Ba cheart do mhicrifhiontair athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar na sonraí pearsanta a phróiseálann siad agus ar cad iad na sonraí pearsanta agus, go háirithe, na catagóirí speisialta sonraí pearsanta atá ina seilbh acu.

Faoi Airteagal 4 den GDPR ciallaíonn **'sonraí pearsanta'** aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha saineaitheanta nó in-sainaitheanta ("ábhar sonraí"); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin;

Faoi Airteagal 9 den GDPR ciallaíonn **'catagóirí speisialta sonraí pearsanta'**, mar shonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, sonraí géiniteacha, shonraí bithmhéadracha, ar shonraí a bhaineann leis an tsláinte nó ar shonraí a bhaineann le saol gnéis agus le gnéaschlaonadh duine.

Tá breac-chuntas ar phrionsabail a gcaithfidh tú cloí leo maidir le próiseáil sonraí pearsanta tugtha in Airteagal 5 den GDPR. Agus tú ag smaoineamh ar phróiseáil do chuideachta, i measc na gceisteanna atá le freagairt agat ná an bhfuil tú ag próiseáil sonraí pearsanta:

- ✓ de réir phrionsabail na dlíthiúlachta, na cothroime agus na trédhearcachta;
- ✓ chun críocha sonraithe, sainráite agus dlisteanacha;
- ✓ ar bhealach a thagann le híoslaghdú sonraí;
- ✓ ar bhealach a chinntíonn cruinneasagus i gcás inar gá, go bhfuil sonraí cothrom le dáta;
- ✓ i bhfoirm nach gceadaítear na hábhair sonraí a shainaithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun críocha a bpróiseála; agus
- ✓ ar chaoi go n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta.

Má dhéanann tú seachfhoinsiú maidir le próiseáil sonraí pearsanta le próiseálaí sonraí (lena n-áirítear, mar shampla, le soláthraí seirbhíse 'néalríomhaireachta ', ba cheart duit a bheith in ann a dhearbhú:

- go gcomhlíonann an phróiseáil Airteagal 28 GDPR;
- go bhfuil nósanna imeachta slándála an phróiseálaí leordhóthanach; agus
- gur lorg tú agus go bhfuair tú dearbhuithe maidir leis na bearta slándála cuí ón bpróiseálaí.

## Socraigh an Leibhéal Cuí um Shlándáil TFC

Éilíonn Airteagal 32 den GDPR ar rialaitheoirí sonraí agus ar phróiseálaithe sonraí na bearta teicniúla agus eagrúcháin is gá a chur i bhfeidhm gá chun leibhéal cuí slándála a áirithiú maidir leis na rioscaí a bhaineann le próiseáil. Agus tú ag smaoineamh ar leibhéal iomchuí slándála, ba cheart duit an méid a leanas a chur san áireamh.

- "An úrscothacht";
- "Na costais a bhaineann leis an gcur chun feidhme, agus cineál an raon feidhme";
- "Comhthéacs agus cuspóirí na próiseála”; agus
- “Na rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus leibhéal athraitheach déine ag gabháil leo".

Sa treoir seo a leanas, pléitear leis na cineálacha éagsúla slándáil gur cheart do mhicrifhiontair cur san áireamh agus iad ag smaoineamh ar cad a chaithfidh siad a dhéanamh le cinntiú go bhfuil a gcuid próiseáil sonraí pearsanta ag comhlíonadh oibleagáidí slándála agus sláine an GDPR.

## Slándáil Theicniúil

Cosnaíonn bearta slándála teicniúla córais TFC trína chinntiú go gcuirtear teicneolaíocht chuí i bhfeidhm chun próiseáil sonraí pearsanta a dhaingniú.

I measc samplaí de bhearta slándála teicniúla praiticiúla tá:

- ✓ a chinntiú go bhfuil gach gléas ríomhaireachta ar nós ríomhairí pearsanta, fóin phóca agus táibléid ag baint úsáide as córas oibriúcháin cothrom le dáta;
- ✓ a chinntiú go ndéantar gach gléas ríomhaireachta a nuashonrú go rialta le bogearraí agus paistí slándála an déantóra;
- ✓ bogearraí frithvíris a úsáid ar gach gléas;

- ✓ balla dóiteáin láidir a chur i bhfeidhm;
- ✓ athbhreithniú a dhéanamh ar bhogearraí soláthraithe ag díoltóir agus an focail faire an chórais réamhshocraithe, an riarthóra, agus fréimhe agus na paraiméadair shlándála eile a nuashonrú chun a chinntiú nach bhfágfar réamhshocruithe i bhfeidhm;
- ✓ a chinntiú go ndéantar cúltacaí sonraí agus go ndéantar iad a stóráil go daingean i suíomh ar leithligh;
- ✓ a chinntiú go ndéantar cúltacaí sonraí a athbhreithniú agus a thástáil go tráthrialta le cinntiú go bhfuil ag feidhmiú mar is ceart;
- ✓ a chinntiú go mbailítear agus go stóráiltear na sonraí go sábháilte;a chinntiú go bhfuil gléasanna soghluaiste (ríomhairí glúine agus fóin phóca agus táibléid) criptithe;
- ✓ a chinntiú go gcuirtear fíordheimhniú déshraithe i bhfeidhm i gcás cianrochtana;
- ✓ a chinntiú go bhfuil TLS (Slándáil Shraith an Iompair) i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a bhailiú go daingean (mar shampla le haghaidh síntiúis nuachtlitreach) nó ar shuímh ghréasáin ríomhthráchtála.

Is féidir tuilleadh faisnéise, comhairle agus deá-chleachtas maidir le caighdeáin slándála teicniúla a fháil ar láithreáin Gníomhaireachta an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise (ENISA), agus na hInstitiúide Náisiúnta um Chaighdeán agus Teicneolaíocht (NIST), atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe.

## Slándáil Fhisiciúil

Cabhraíonn bearta slándála fisiceacha TFC le heagraíochtaí le córais TFC a chosaint, mar shampla áiseanna, trealamh, pearsanra, acmhainní agus sealúchas eile. I measc na samplaí de threalamh TFC a d'fhéadfadh cosaint a bheith ag teastáil tá aonghléas ar féidir leo faisnéis a stóráil go leictreonach, mar shampla:

- ✓ Ríomhairí - freastalaithe, deisce, ríomhaire glúine nó táibléad
- ✓ Fótachóipóirí, feistí ilfheidhmeacha agus printéirí
- ✓ Teileafóin phóca
- ✓ Ceamaraí digiteacha
- ✓ Meáin stórála-mar shampla, tiomántáin crua soghluaiste, bataí USB, dlúthdhioscaí, DVDanna

Tá an leibhéal cosanta ar chóir a chur i bhfeidhm ar threalamh TFC bunaithe ar an leibhéal tionchair ghnó a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar shonraí a bheith i mbaol, ar chaillteanas sláine, nó gan faisnéis leictreonach atá coinnithe

ar an ngléas a bheith ar fáil, áirítear leis sin an gléas a bheith caillte nó gan é a bheith ar fáil mar gheall ar chliseadh.

I measc samplaí de bhearta praiticiúla slándála fhisicúla tá:

- ✓ oifigí agus aonaid stórála a choinneáil faoi ghlas;
- ✓ seomraí freastalaí nó caibinéid a choinneáil faoi ghlas;
- ✓ meaisíní deisce agus ríomhairí glúine a cheangal le deasca;
- ✓ beartais deisce glan a chur i bhfeidhm;
- ✓ a chinntiú go bhfuil aláram dóiteáin agus buirgléireachta ann agus go bhfuil siad ag feidhmiú i gceart;
- ✓ a chinntiú go ndéantar trealamh TFC, mar shampla thiomántáin chrua agus seanríomhairí glúine, ríomhairí agus gléasanna soghluaiste a dhiúscairt go daingean ag deireadh a saoil.

Ba cheart d'eagraíochtaí an riosca a mheas freisin nuair nach féidir gléasanna a dhaingniú nuair nach bhfuil siad in úsáid. I gcás ina ndearna eagraíocht cinneadh ar thionchar gnó an sárú sonraí, ar chaillteanas sláine nó ar ghléas gan a bheith ar fáil, nach bhfuil in úsáid, ba cheart d'eagraíochtaí a chinntiú go stóráiltear na gléasanna sin go daingean.

Molann an DPC freisin go ndéanfadh micrifhiontair beartas rialaithe sócmhainne do threalamh TFC a dhearadh agus é a chur i bhfeidhm. D'áireodh sé seo:

- ✓ suíomh agus úsáideoir an fheiste a thaifeadadh; agus
- ✓ iniúchtaí tréimhsiúla a dhéanamh ar a threalamh TFC.

## Slándáil Eagraíochtúil

Cosnaíonn bearta slándála eagraíochtúla córais TFC trína chinntiú go bhfuil feidhmeanna beartais, nósanna imeachta, oiliúna, agus feidhmeanna riain iniúchta i bhfeidhm.

Is de chineál doiciméadach iad na bearta seo den chuid is mó, mar sin féin, ní gá go mbeadh na beartais sin fadálach nó róchasta le cur i bhfeidhm. Ba cheart go ndéanfaí aon doiciméadú a scríobh i dteanga shoiléir, ghonta, agus na rialacha a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a liostáil, agus ba cheart go mbeadh sé inrochtana go héasca d'fhostaithe. Ba cheart an doiciméadú sin a athbhreithniú go tréimhsiúil lena chinntiú go bhfuil sé cruinn agus cothrom le dáta.

I measc samplaí de bhearta slándála eagrúcháin praiticiúla tá:

- ✓ an tábhacht a bhaineann le sonraí na cuideachta agus na bearta is féidir leo a chur i bhfeidhm chun é a chosaint a chur in iúl d'fhostaithe;
- ✓ oiliúint leanúnach a chur ar fhoirne ar ionsaithe innealtóireachta sóisialta, ar bhogearraí éirice, agus ar chosaint sonraí, ach gan í a bheith teoranta do na hábhair sin;
- ✓ beartais chun bailiú agus coinneáil sonraí a dhoiciméadú;
- ✓ úsáid a bhaint as pasfhocail láidre trí bheartas focal faire a bheith curtha i bhfeidhm agus é a fhorfheidhmiú;
- ✓ a chinntiú go bhfuil cianrochtain tacaithe ag beartas cianrochtana;
- ✓ plean freagartha teagmhais um shárú sonraí a dhoiciméadú agus a thástáil go tréimhsiúil chun a chinntiú go bhféadfaidh tú gníomhú go héifeachtach i gcás sáraithe sonraí;
- ✓ beartas CCTV a dhoiciméadú (más cuí);
- ✓ beartas cúltaca sonraí a dhoiciméadú;
- ✓ athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar chonarthaí le soláthraithe TFC tríú páirtí lena chinntiú go bhfuil na bearta slándála a bhfuil doiciméadú orthu fós oiriúnach agus cothrom le dáta

## Beartais Bhailiúcháin agus Choinneála Sonraí

I ngach cás, ach go háirithe má bheidh sonraí pearsanta á gcoinneail ag d'eagraíocht ar feadh tréimhsí faide, ba cheart duit a bheith ar an eolas láidir le d'oibleagáidí faoi Airteagal 5(1)(e) mar rialaitheoir sonraí agus próiseálaí sonraí maidir le coinneáil sonraí.

Níor cheart sonraí pearsanta a choimeád i bhfoirm inaitheanta ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá maidir leis na cuspóirí lena bpróiseáiltear na sonraí sin. Is cur chuige pragmatach maidir le coinneáil é na sonraí a scriosadh nuair a bheidh deireadh leis an gcuspóir lenar próiseáladh é.

Ba cheart bailiú agus coinneáil sonraí a mheas i gcomparáid riachtanais ghnó agus iad a íoslaghdú, trí gan sonraí nach dteastaíonn a bhailiú, trí shonraí a léirscriosadh, nó trína n-anaithidiú. Ba chóir do mhicrifhiontair:

- ✓ Beartas bailithe sonraí a shainmhíniú agus a chur i bhfeidhm. Ba cheart go ndéanfadh an beartas mion cur síos ar na catagóirí sonraí pearsanta a bhailítear agus ar na críocha lena mbailiú.
- ✓ Beartas coinneála sonraí a shainmhíniú agus a chur i bhfeidhm. Ba cheart go mbeadh mionsonraí ar an tréimhse choinneála sa bheartas seo maidir le sonraí pearsanta a bhailítear agus leis na bearta a

ghlactar chun léirscriosadh a chinntiú nó más bainteach,na teicnící a úsáidtear chun na sonraí a anaithidiú

Ba cheart na beartais seo a chur in iúl do gach fostaí agus ba cheart athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh chun a chinntiú go ndéileálfar le sonraí pearsanta i gceart nuair nach gá leo a thuilleadh chun na críocha ae bailíodh iad.

Maidir le beartais choinneála, má tá sé ar intinn agat sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha taighde cartlainne, eolaíoch nó staire nó cuspóirí staitistiúla, ba cheart duit a chinntiú go bhfuil cosaintí cuí i bhfeidhm chun a chinntiú nach gcuireann na cearta agus an phróiseáil seo bac ar shaoirsí sonraí ábhair.

Go háirithe, ba cheart go gcinnteodh na cosaintí sin go bhfuil bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun a chinntiú go léireofar meas ar phrionsabal an íoslaghdaithe sonraí.

Ba cheart go soláthródh beartas coinneála doiciméadach treoir agus creatlach d'fhostaithe chun faisnéis a bhainistiú i rith a shaolré ionas go gcomhlíonfaidh do chuideachta na dlíthe agus na rialacháin a bhaineann le bainistiú sonraí. Ba cheart go mbeadh feidhm ag polasaí coinneála ar fhormáidí fisiciúla agus digiteacha araon.

## Próiseálaithe Sonraí a Úsáid

D'fhéadfadh go mbeadh micrifhiontair, de bharr easpa saineolais, ag brath ar phróiseálaithe sonraí tríú páirtí chun sonraí pearsanta a phróiseáil ar a son, mar shampla láithreáin ghréasáin ríomhthráchtála, seirbhísí néilar nós ríomhphoist nó cúltaca sonraí ar líne. Ba cheart do mhicrifhiontair:

- ✓ Freagrachtaí an rialaitheora sonraí agus an phróiseálaí sonraí a shainmhíniú agus a chinntiú go ndéantar próiseáil de bhun comhaontaithe i scríbhinn a thugann mionsonraí ar na bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla cuí a bheidh le cur i bhfeidhm ag an bpróiseálaí sonraí go sonrach maidir leis na hoibríochtaí próiseála sonraí pearsanta.
- ✓ Ráthaíochtaí leordhóthanacha a fháil maidir leis na bearta slándála atá á gcur i bhfeidhm ag próiseálaithe atá ag gníomhú ar a son agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh chun a chinntiú go gcloítear le téarmaí an chomhaontaithe scríofa.

Bealach praiticiúil do mhicrifhiontair chun ráthaíochtaí leordhóthanach a fháil agus comhlíonadh a chinntiú ná:

- ✓ Úsáid próiseálaí sonraí a bhfuil deimhniú díoltóra, cáilíochtaí TF cuí agus/nó deimhniúcháin, nó deimhniú cuí ó chomhlacht deimhniúcháin ábhartha acu, mar shampla an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú nó an Tionscal Cárta Íocaíochta.
- ✓ Bíodh nósanna imeachtaaontaithe foirmiúlaum dheireadh tionscadail/athrú bainistíochta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear bearta slándála cuí i bhfeidhm agus go ndéanfar athruithe/nuashonruithe.
- ✓ Iarr ar phróiseálaithe sonraí tuairiscí rialta a thabhairt maidir le bainistiú na gcóras TFC agus athsheiceáil chun a chinntiú go ndéantar an obair.
- ✓ Déan athbhreithniú ar bhearta slándála go tréimhsiúil lena chinntiú go bhfuil siad cothrom le dáta, is féidir é seo a bheith i gceist go háirithe nuair a bhíonn timpeallachtaí Néalbhunaithe á n-úsáid agat. D'fhoilsigh an DPC treoir d'eagraíochtaí a úsáideann timpeallachtaí Néalbhunaithe a leagann amach céimeanna breise ar conas is féidir le heagraíocht a bhearta slándála a athbhreithniú

## Cúig Chéim Chun Timpeallachtaí Néalbhunaithe A Dhaingniú

Baineann go leor buntáistí d'eagraíochtaí le timpeallachtaí **Néalbhunaithe.** Mar sin féin, baineann roinnt rioscaí slándála teicniúla chomh maith ar chóir d'eagraíochtaí a bheith ar an eolas fúthu mar shampla**:**

- ✓ Sáruithe Sonraí
- ✓ Forghabháil chuntas
- ✓ Rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta

Ba cheart d'eagraíochtaí beartas doiciméadaithe a chinneadh agus a chur i bhfeidhm agus na bearta slándála teicniúla agus eagrúcháin chuí a chur i bhfeidhm chun a dtimpeallachtaí Néalbhunaithe a dhaingniú. Mura gcuireann eagraíochtaí na rialuithe sin i bhfeidhm, d’fhéadfaidís siad a rioscaí ar shárú sonraí pearsanta a mhéadú.

Ba cheart go gcuirfeadh eagraíochtaí bearta slándála teicniúla agus bearta slándála eagrúcháin i bhfeidhm ar bhealach srathach a chuimsíonn ach gan a bheith teoranta don liosta a leanas

- ✓ Rialúcháin rochtana
- ✓ Ballaí dóiteáin
- ✓ Frithvíreas
- ✓ Oiliúint foirne
- ✓ Forbairt beartas.

Laghdóidh cur chuige srathach maidir le slándáil néalbhunaithe an riosca go dteipfidh ar bheart slándála amháin a d'fhéadfadh sárú sonraí pearsanta a bheith mar thoradh air

Tá ardsocruithe agus réitigh ar fáil ó chuid mhaith soláthraithe Néalbhunaithe ar nós Microsoft Office 365 agus Google G-suite a chabhróidh le heagraíochtaí úsáid a seirbhísí Néalbhunaithe a dhaingniú. Soláthraíonn na soláthraithe seo ar an mórchuid treoirlínte dea-chleachtais chun cuidiú le heagraíochtaí a dtimpeallachtaí néalbhunaithe a dhaingniú.

Soláthraíonn gníomhaireachtaí ar nós Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise (ENISA**)**, agus National Institute of Standards and Technology (NIST) atá bunaithe sna SA eolas breise**,** comhairle agus dea-chleachtas freisin maidir le slándáil timpeallachtaí Néalbhunaithe.

Tá liosta déanta ag an DPC de chúig phríomhbhealach ar féidir le heagraíochtaí a dtimpeallachtaí Néalbhunaithe a dhaingniú chun an riosca a bhaineann le sárú sonraí pearsanta a mhaolú.

- Ba cheart d'eagraíochtaí beartais láidre maidir le focail faire a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanann úsáideoirí a bhfuil rochtain acu ar shonraí pearsanta laistigh de thimpeallachtaí Néalbhunaithe an rochtain sin a fháil ar bhealach slán.
- Ba cheart d'eagraíochtaí fíordheimhniú dhá fhachtóir a chur i bhfeidhm. Is bealach éifeachtach é fíordheimhniú dhá fhachtóir chun slándáil Néalbhunaithe a fheabhsú agus tá sé ar fáil ón chuid is mó de sholáthraithe Néalbhunaithe.
- Ba cheart go mbeadh eagraíochtaí ar an eolas faoi phribhléidí rochtana úsáideoirí laistigh dá dtimpeallachtaí Néalbhunaithe agus iad a dhoiciméadú. Tá rialú rochtana úsáideora ríthábhachtach i gcás ina mbainfear úsáid as boscaí ríomhphoist nó fillteáin roinnte. Ba cheart d'eagraíochtaí na ceanglais rochtana ar leith do gach úsáideoir a dhoiciméadú agus a chinntiú go bhfuil siad tacaithe ag próiseas rialaithe athraithe cuí.
- Ní mór go ndéanfaí athbhreithnithe rialta ar bhearta slándála a chuireann eagraíocht i bhfeidhm maidir le rochtain úsáideoirí chun a chinntiú go bhfuil fíorghá le gach rochtain údaraithe ar shonraí pearsanta agus go bhfuil sé inchosanta chun feidhm shonrach a chomhlíonadh.

- Níor cheart d'eagraíochtaí brath ar shocruithe slándála réamhshocraithe soláthraithe seirbhíse Néalbhunaithe.

Ba cheart d'eagraíochtaí athbhreithniú a dhéanamh ar na gnéithe slándála Néalbhunaithe atá ar fáil ón soláthraí seirbhíse Néalbhunaithe chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm iad mar is cuí agus ar bhealach srathach. Is minic a chuimsíonn samplaí de shocruithe slándála agus de rialuithe a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse Néalbhunaithe:

- ✓ Uirlisí riaracháin lárnacha
- ✓ Bainistiú fearas soghluaiste
- ✓ Fíordheimhniú ilfhachtóiriúil
- ✓ Foláirimh logála isteach
- ✓ Criptiú nuair a sheoltar agus nuair a fhaightear teachtaireacht.
- ✓ Criptiú ábhair na teachtaireachta
- ✓ Monatóireacht agus foláireamh ar ghníomhaíocht cuntas
- ✓ Cosc ar chaillteanas sonraí
- ✓ Cosaint i gcoinne bogearraí mailíseacha
- ✓ Cosaint ó thurscar agus ó chleasaíocht
- ✓ Cosaint ó fhioscaireacht

Ba chóir go mbeadh eagraíochtaí ar an eolas freisin go bhféadfadh rochtain a bheith ag an bpobal ar sheirbhísí Néalbhunaithe agus ba cheart d'eagraíochtaí na socruithe slándála cuí a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm chun rochtain ó chian a dhaingniú.

### *Dearbhú ó Sholáthraithe Seirbhíse TFC*

Féadfaidh eagraíochtaí soláthraithe seirbhísí seachtracha TFC a úsáid chun a dtimpeallachtaí Néalbhunaithe a chur chun feidhme. Tá sé ríthábhachtach nuair a dhéileálann siad leis na soláthraithe sin go lorgóidh eagraíochtaí dearbhuithe foirmiúla óna soláthraithe seirbhíse TFC go gcomhlíonfaidh na rialuithe slándála a chuirfear i bhfeidhm ceanglais slándála sonracha na heagraíochta agus go gcosnaíonn siad sonraí pearsanta na heagraíochta a chosaint.

Ba cheart go mbeadh eagraíochtaí gníomhach maidir le hathbhreithnithe slándála rialta a eagrú lena soláthraithe seirbhíse TFC chun a chinntiú go bhfuil na rialuithe slándála atá ar bun cothrom le dáta agus go bhfuil siad éifeachtach maidir leis an eagraíocht a chosaint i gcomhthéacs bagairtí éablóideacha.

## Beartais Shoiléire agus Oiliúint Foirne

Ba cheart d'eagraíochtaí a chinntiú go bhfaigheann an fhoireann oiliúint chuí ar ionsaithe innealtóireachta sóisialta, ar ionsaithe fioscaireachta agus ar chleachtais bhagairte slándála. Ba cheart don oiliúint sin a bheith tacaithe ag athoiliúint/cláir feasachta chun an riosca a bhaineann le comhthéacs bagairtí eabhlóideacha a mhaolú.

Ba cheart go mbeadh polasaithe soiléire i bhfeidhm ag eagraíochtaí maidir le húsáid agus le slándáil seirbhísí néalbhunaithe, go háirithe nuair a bhíonn rochtain ar na seirbhísí sin lasmuigh de líonra corparáideach na heagraíochta faoi bheartais Beir leat Do Ghléas Féin ("BYOD").

Ba cheart go mbeadh beartais shoiléire "fostaí ag fágáil" agus "comharbais" i bhfeidhm ag eagraíochtaí agus ba cheart iad seo a chur i bhfeidhm ar thimpeallachtaí Néalbhunaithe eagraíochtaí.

Ba cheart go mbeadh beartas soiléir i bhfeidhm ag eagraíochtaí maidir le coinneáil sonraí agus go ndéanfaí athbhreithnithe rialta air chun a chinntiú nach gcoimeádtar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá nó nuair a bheidh deireadh leis an gcuspóir bunaidh maidir le húsáid na sonraí pearsanta.

## Bíodh do Shonraí ar Eolas agat agus Déan iad a Dhaingniú

Ba cheart do na heagraíochtaí na cineálacha sonraí a stóráiltear ina n-timpeallachtaí Nealbhunaithe a thuiscint agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Cuireann sé ar chumas eagraíochta a chinntiú go gcuirtear na rialuithe slándála agus rochtana cuí i bhfeidhm chun na sonraí a chosaint.

Ba cheart d'eagraíochtaí modhanna aicmithe sonraí a úsáid chun na sonraí a stórálann agus a phróiseálann laistigh de thimpeallachtaí Néalbhunaithe a aithint. Cuireann anpróiseas aicmithe sonraí ar chumas eagraíochta a gcuid sonraí stóráilte a chatagóiriú chun na rialuithe slándála cuí a chinneadh.

Ba cheart d'eagraíochtaí díoltóirí Néalbhunaithe a mheas go cúramach bunaithe ar na gnéithe slándála a ofráileann siad agus an chaoi shainiúil a chomhlíonann siad a gcuid riachtanas eagrúcháin .

I measc na gceisteanna ríthábhachtacha go léir atá bheidh le cur ar do sholáthraí seirbhíse Néalbhunaithe agus/nó an soláthraí seirbhíse TFC a chuirfidh do thimpeallacht i bhfeidhm tá: Cé a bhfuil rochtain acu ar do shonraí, conas a dhaingnítear iad, cé chomh minic is atá na sonraí cúltacaithe agus an dtagann an timpeallacht Néalbhunaithe le do bheartais eagrúcháin.

Ní cleachtadh "Socraigh agus dearmad" aon uair amháin é cur i bhfeidhm na mbeart slándála cuí. Ba cheart socruithe slándála Néalbhunaithe a athbhreithniú go rialta chun a chinntiú go bhfuil siad fós oiriúnach agus cothrom le dáta.